

Staidéar taighde is ea Iompraíocht Sláinte i measc Leanaí ag Aois Scoile (HBSC) a rinne líonra idirnáisiúnta d'fhoirne taighde¹ i gcomhar leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (An Eoraip) agus a chomhordaigh an tOllamh Candace Currie ó Ollscoil Dhún Éideann. Sa bhliain 2006, rinne HBSC na hÉireann suirbhé ar 10,334 leanbh scoile in Éirinn. Roghnaíodh na leanaí seo ó scoile-anna randamacha ar fud na tíre.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag:
<http://www.hbsc.org>
<http://www.nuigalway.ie/hbsc/>



Priscilla Doyle, Katie Cunningham agus foireann HBSC na hÉireann, an tIonad Taighde um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh. Pádraic Déiseach a chuir an t-aistriúchán ar fáil.

Achoimre


Tá sé faighte amach ag HBSC na hÉireann go léiríonn 17.9% de leanaí scoile na hÉireann go n-itheann siad glasraí faoi dhó nó níos minice sa ló (15.6% de bhuachaillí agus 20.2% de cailíní). Tá an figiúr seo tar éis fanacht seasmhach go leor ó 2002 (16.9%). Tá an céatadán is ísle de bhuachaillí a itheann glasraí le fáil i measc buachaillí 10-11 bhliain d'aois (15.2%) agus tá an céatadán is airde le fáil i measc buachaillí 12-14 bliana d'aois (15.9%). Tá a mhalairt de phatrún le sonrú i measc na gcailíní agus an iontógáil glasraí is airde le fáil i measc cailíní 10-11 bhliain d'aois (21.4%) agus an iontógáil is ísle le fáil i measc cailíní 12-14 bliana d'aois (19.6%). Is lú an seans go gcaithfidh leanaí a itheann glasraí faoi dhó nó níos minice sa ló ceithre thráthnóna nó níos mó sa tseachtain lena gcairde. Is mó an seans: go mbíonn sé éasca dóibh labhairt lena dtuismitheoirí nó lena gcara is fearr, go gcónaíonn siad leis an mbeirt thuismitheoirí, go dtaitníonn an scoil leo, go bhfuil sláinte an-mhaith acu agus go bhfuil siad sásta lena saol. Tagraíonn iontógáil glasraí sa bhileog eolais seo do leanaí a deir go n-itheann siad glasraí gach lá, níos mó ná uair amháin.

Cén fáth an t-ábhar seo?

Is dúshlán mór do shláinte an phobail iontógáil glasraí a mhéadú². Is cuid thábhachtach d'aiste shláintiúil bia iad glasraí. Tá siad lán le vitimíní, mianraí, snáithín agus ceimiceáin planda, agus creidtear go bhfuil go leor acu seo mar chosaint in aghaidh réimse galair ainsealacha^{2,4}. Ach ní leor iontógáil glasraí i measc leanaí scoile na hÉireann go minic³.

Treochtaí 2002-2006

Tá céatadán iomlán na leanaí a deir go n-itheann siad glasraí faoi dhó nó níos minice sa ló tar éis fanacht seasmhach go leor idir 2002 (16.9%) agus 2006 (17.9%). Tá leibhéal na hiontógála glasraí a léirítear níos airde i measc cailíní (20.2%) ná buachaillí (15.6%). Tá céatadán na mbuachaillí a itheann glasraí gach lá níos mó ná uair amháin tar éis fanacht seasmhach go leor trasna gach aoisghrúpa ó 2002. Tháinig méadú beag ar an gcéatadán seo maidir le cailíní, seachas cailíní 12-14 bliana d'aois, aoisghrúpa ina bhfuil an céatadán tar éis fanacht seasmhach.




Céatadán na leanaí a deir go n-itheann siad glasraí gach lá níos mó ná uair amháin, de réir aoise agus inscne

Iontógáil glasraí i gcomhthéacs

- Is lú an seans go n-itheann leanaí ó ísealaicmí sóisialta glasraí faoi dhó nó níos minice sa ló (aicmí sóisialta 5-6: 16.1%, aicmí sóisialta 3-4: 17.1% agus aicmí sóisialta 1-2: 21.2%) ná aicmí sóisialta eile.
- Is mó an seans go mbíonn sé éasca do leanaí a itheann glasraí labhairt lena máthair (83.6% vs. 80.0%), lena n-athair (68.0% vs. 63.1%) agus lena gcara is fearr (90.2% vs. 87.2%) ná na leanaí nach n-itheann glasraí.
- Is mó an seans go gcónaíonn leanaí a itheann glasraí lena mbeirt thuismitheoirí (84.1% vs. 80.0%) agus go dtaitníonn an scoil leo (75.8% vs. 66.3%) ná na leanaí nach n-itheann glasraí.
- Is lú an seans go gcaitheann leanaí a itheann glasraí ceithre thráthnóna nó níos sa tseachtain le cairde (36.5% vs. 43.2%) ná na leanaí nach n-itheann glasraí.
- Is mó an seans go dtabharfaidh leanaí a itheann glasraí le fios go bhfuil sláinte an-mhaith acu (43.8% vs. 31.0%) agus go mothaíonn siad sásta lena saol (55.6% vs. 48.2%) ná na leanaí nach n-itheann glasraí.

...Iontógáil glasraí i measc leanaí scoile na hÉireann



Céatadán na leanaí in aois a 15 a deir go n-itheann siad glasraí gach lá níos mó ná uair amháin, de réir tíre

Idirnáisiúnta

Rangaítear idir bhuachaillí agus chailíní Éireannacha cúig bliana déag d'aois sa 4ú háit as 41 tír san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh, agus 18% ag léiriú go n-itheann siad glasraí faoi dhó nó níos minice sa ló. Ar an iomlán, léirigh 19% d'Éireannaigh 11 bhliain d'aois (rangaithe sa 10ú háit) agus 19% d'Éireannaigh 13 bliana d'aois (rangaithe san 8ú háit) go n-itheann siad glasraí gach lá níos mó ná uair amháin.

Impleachtaí

Tá céatadán iomlán na ndaoine óga in Éirinn a deir go n-itheann siad glasraí faoi dhó nó níos minice sa ló tar éis fanacht seasmhach go leor ó 2002. Tá rangú ard ag Éirinn i gcomparáid le tíortha eile san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh. Cé go bhfuil rangú ard ag Éirinn go hidirnáisiúnta, tugann na figiúirí seo le fios gur dócha nach bhfuil tromlach leanaí scoile na hÉireann ag fáil a n-iontógáil mholta laethúil de ghlásraí. Tugann na sonraí seo le fios gur gá tuilleadh taighde a dhéanamh le tuiscint a fháil ar céard is cúis

leis an iontógáil íseal glasraí i measc idir bhuachaillí agus chailíní agus i measc gach aoisghrúpa agus chun ionchur níos éifeachtaí a fhorbairt chun iontógáil glasraí a mhéadú i rith na céime tábhachtaí forbartha seo¹. D'fhéadfadh scoileanna láthair fheiliúnach a chur ar fáil dó seo.

Tagairtí

- Currie, C., Nic Gabhainn, S., Godeau, E., Roberts, C., Smith, R., Currie, D., Pickett, W., Richter, M., Morgan, A. & Barnekow, V. (eag.) (2008). *Inequalities in young people's health: HBSC international report from the 2005/2006 survey*. Copenhagen: WHO Regional Office for Europe, (Health Policy for Children and Adolescents, No 5).
- Food and Agriculture Organization of the United Nations (2003). *Increasing fruit and vegetable consumption becomes a global priority* <http://www.fao.org/english/newsroom/focus/2003/fruitveg1.htm> (accessed June 4, 2008).
- Trew, K., Barnett, J., Steverson C, Muldoon, O., Breakwell, G., Brown, K., Doherty, G. & Clarke, C. (2008). *Young people and food: Adolescent dietary beliefs and understandings*. Safefood. <http://www.safefood.eu/en/Publication/Research-reports/> (accessed 24th February 2009).
- Goldberg, G. (Ed.) (2003). *Plants: Diet and Health. The report of a British Nutrition Foundation Task Force*. Oxford: Blackwell.

Faigheann HBSC na hÉireann maoiniú ón Aonad Beartas um Chothú Sláinte, aonad de chuid na Roinne Sláinte agus Leanaí, agus ó Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na leanaí, leis na múinteoirí agus leis na scoileanna go léir a ghlac páirt sa taighde seo agus ba mhaith linn aitheantas a thabhairt dár gcomhghleacaithe san Ionad Taighde um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh.

Is féidir na bileoga eolais go léir chomh maith le foilseacháin agus tuarascálacha eile de chuid an HBSC a íoslódáil ónár láithreán gréasáin: <http://www.nuigalway.ie/hbsc>

Déan teagmháil linn ag: hbsc@nuigalway.ie

D'ullmhaigh Priscilla Doyle, Katie Cunningham, Aoife Gavin, Siobhán O'Higgins, Graham Brennan, Pauline Clerkin, Aingeal de Róiste, Colette Kelly, Michal Molcho, Brenda Murphy, Larri Walker agus Saoirse Nic Gabhainn an bhileog eolais seo.